☸An Lúibín☸

31 Iúil 2016

Gaelscolaíocht

Tá sé fógartha ag an Roinn Oideachais agus Scileanna i bPoblacht na hÉireann go bhfuil 55,241 dalta ag fáil oideachas lán-Ghaeilge. Tá 248 bunscoil agus 48 iarbhunscoil ag múineadh trí Ghaeilge amháin, idir ghaelscoileanna, ghaelcholáistí agus scoileanna Gaeltachta. 43,275 dalta atá ag freastal ar bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus tá 11,966 dalta le fáil sna gaelcholáistí.

Fágann sin na hiarbhunscoileanna Béarla a bhfuil Aonad nó Sruth Gaeilge iontu. Múintear gach rud trí Ghaeilge do dhaltaí i dtrí cinn déag de na scoileanna úd, cé go ndéantar gearán ó am go chéile go gcuireann Béarla na ndaltaí eile isteach ar an obair.

Moltar uaireanta go ndéanfaí gaelscoil de gach bunscoil. Ar éigean atá na hacmhainní ar fáil chuige. Is gann iad múinteoirí le Gaeilge agus b'éigean téacsleabhair nua a sholáthar, gan trácht ar a bhfuil de thuismitheoirí ann arbh fhearr leo a gclann a fháil múinte trí Bhéarla.

♦❖♦❖♦❖♦

TEG

I mbliana tháinig Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG) chun na hAstráile. Cúrsa d'fhoghlaimeoirí fásta Gaeilge is ea TEG agus a leithéid le fáil cheana le haghaidh fhormhór na dteangacha san Eoraip. Tá teastas ag gabháil leis agus baint aige le córas scrúduithe ALTE/Comhairle na hEorpa. Tá Is é bunus an chúrsa *An Fráma Tagartha Comónta Eorpach do na Teangacha*: *Foghlaim, Teagasc agus Measúnú* (Comhairle na hEorpa, 2001), rud a chabhraíonn leis an bhfoghlaimeoir a chuid staidéir a phleanáil agus aitheantas a fháil de réir mar a théann sé chun cinn. Chomh maith leis sin, taispeánann sé d'fhostóirí go bhfuil cumas áirithe teanga agat, rud a bhfuil tábhacht leis in Éirinn ó tháinig *Acht na dTeangacha Oifigiúla* (2003) i bhfeidhm.

In Éirinn sásaíonn TEG Meánleibhéal 2 (B2) na critéir iontrála do chúrsaí fochéime agus iarchéime san Oideachas sna coláistí oideachais. Dá bhrí sin tig le daoine dul le múinteoireacht nach bhfuil Gaeilge Ardleibhéal na hArdteistiméireachta acu.

Ag seo an méid uaireanta atá ag teastáil chun an caighdeán a bhaint amach ag gach leibhéal:

Fráma Tagartha	Uaireanta staidéir/foghlama	Siollabas TEG
A1	80 - 100	Bonnleibhéal 1 (A1)
A2	160 - 200	Bonnleibhéal 2 (A2)
B1	350 - 400	Meánleibhéal 1 (B1)
B2	500 - 600	Meánleibhéal 2 (B2)
C1	1,000	Ardleibhéal 1 (C1)

C2	1,500	Ardleibhéal 2 (C2)

Ar na háiteanna a bhaineann úsáid as TEG tá an Centre Culturel Irlandais i bPáras. Ina theannta sin tá Teastas sa Ghaeilge agus i Stair agus i gCultúr Comhaimseartha na hÉireann ar fáil.

Is éard is mó a dhéanann TEG an Ghaeilge a nascadh le córas idirnáisiúnta foghlama ar comhchéim lena lán teangacha Eorpacha eile agus a dheimhniú dá réir go bhfuil baint aici le cultúr leathan na hIlchríche.

Féach **www.teg.ie**.

♦❖♦❖♦❖♦

Rudaí a deir an Caighdeán

Is iomaí rud a deir an Caighdeán agus ní féidir achoimre a dhéanamh ar an iomlán, ach is fiú tagairt a dhéanamh do roinnt pointí. Cuimhnímis, ar ndóigh, go bhfuil a lán rudaí ann nach bhfuil nua. Mar sin féin, is fiú dúinn aire a dhíriú orthu.

Is fada an tabharthach ag dul i léig sa Ghaeilge, fiú i gCúige Mumhan, ach amháin in abairtíní seanbhunaithe, e.g., *cur i gcéill, cur dá chois, airgead ar láimh, bolg le gréin, le gealaigh, cur de láimh*. Moltar go gcoinneofaí a leithéidí.

Moltar go mbeadh giorrúcháin ar theidil eagraíochtaí mar a leanas: AE = An tAontas Eorpach, FSS = Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, NA = Na Náisiúin Aontaithe, SAM = Stáit Aontaithe Mheiriceá. Samplaí úsáide: Idir AE agus SAM, Reachtaíocht AE.

Tá athrú ann ar ar moladh i seanleaganacha an Chaighdeáin maidir le foirm ainmfhocail i ndiaidh ainm bhriathratha agus roimh réamhfhocal. Ní bhactar leis an nginideach má tá an t-ainmfhocal úd agus an réamhfhocal ceangailte le chéile mar aonad. Seo roinnt samplaí: *ag tabhairt **cabhair do** Sheán, ag tabhairt **aghaidh ar** an bhfoireann eile, ag baint **leas as** an gcóras, ag déanamh **obair don** Rialtas, ag déanamh **eagarthóireacht ar** an leabhar.*

Os a choinne sin, más dlúthchuid den chlásal ainm briathartha an t-ainmfhocal, déantar athrú ginidigh: *ag **déanamh oibre** san oifig, ag **bailiú airgid** ar an tsráid, ag **tabhairt cabhrach** in am an ghátair*. Ina leithéid de chás, níl le fáil i ndiaidh an ainm bhriathartha ach tagairt don áit nó don am a rinneadh an rud atá i gceist.

Is iondúil fós go gcuirtear *h* roimh ghuta i ndiaidh *ní* ar na forainmneacha *é*, *í*, *iad* agus *ea*. Ní chuirtear *h* roimh ghuta i ndiaidh *ní* ar ainmfhocail, aidiachtaí ná dobhriathra ach amháin i gcorrchás, e.g., *ní hamhlaidh, ní haon dóithín é, ní hionann an dá charr, ní heol dom céard é.*

Tá roinnt bheag ainmfhocal ann agus rogha agat a dtuiseal tabharthach a úsáid i ndiaidh 2 agus uimhreacha a chríochnaíonn ar 2, e.g., 12, 22, 102, 112. Samplaí: *dhá bhos/ bhois*, *dhá bhróg/bhróig*, *dhá chluas/chluais*, *dhá chos/chois* agus *dhá lámh/láimh*.

Nuair a scríobhtar na huimhreacha i bhfigiúirí, moltar an t-athrú tosaigh céanna a chur i bhfeidhm ar an ainmfhocal is a chuirtear de réir chóras na mbunuimhreacha. Samplaí: *2 mhéadar, 11 bhád 11, 12 phingin, 16 huaire, 7 7 gcapall*.

Maidir leis an séimhiú, tá na sean-nósanna ann go fóill. Má tá ainmfhocal bhaininscneach ann, mar shampla, agus ainmfhocal eile ina dhiaidh mar cháiliú simplí air, ar nós aidiachta, déantar séimhiú mar a leanas: *oíche ghaoithe* (oíche ghaofar), *bileog pháipéir* (bileog atá déanta as páipéar), *bean chéile, saoire bhreoiteachta, uimhir theileafóin.* Ach ní dhéantar séimhiú ar an dara hainmfhocal má dhéantar an dara hainmfhocal a cháiliú le ginideach cáilíochta eile nó le haidiacht, e.g., *oíche gaoithe móire, scian coise duibhe.*

Ach tá an 'ginideach comhbhainte' ann freisin (gan séimhiú). Sa chás seo léiríonn an dara hainmfhocal céard leis a mbaineann an chéad ainmfhocal nó céard chuige é. An séimhiú a dhéantar de ghnáth tar éis ainmfhocal baininsceach nó tar éis ainmfhocail iolra a chríochnaíonn ar chonsain chaol ní dhéantar anseo é: *cos cathaoireach,*

foinse solais, scéim teanga, baill coiste, duáin cailín, cumais comhairleora. Mar an gcéanna *aicme ceadúnais, foinse béaloidis, foinse solais, feidhm dlí, faí cloig, sábháilteacht ceirde, deirfiúr céile, rialacháin breosla, ceadúnais móna, baill coiste, oifigigh sábháilteachta.*

Ní bhíonn séimhiú ann ach oiread má tá ainmfhocal iolra ann agus an dara hainmfhocal san iolra freisin: g*lac tairní, traein paisinéirí, scoil cailíní; umair capall, fiosrúcháin custaiméirí.*

Bíonn caighdeán ar bith coimeádach, agus is léir go bhfuil an chaint ag siúl a bealaigh féin. Déanann an Caighdeán tagairt don ghairmeach ann (*a Mháire*, *a Sheáin*) agus é siúd á ligean ar lár sa chaint. Agus má tá labhairt na Gaeilge á múineadh agat, seans gurbh fhiú duit cloí le foirmeacha simplí briathartha nach bhfuil le fáil sa Chaighdeán ach atá coitianta sa chaint – *bheadh muid*, *bhíodh tú* agus mar sin de. Ba mhór an faoiseamh don fhoghlaimeoir é (agus duit féin).

♦❖♦❖♦❖♦

Timpeallacht

Uisce de dhíth ar an India

Samhradh uafásach te a bhí ann i gcuid mhaith den India i mbliana agus triomach ann le dhá bhliain anuas tar éis lagú leanúnach an mhonsúin. Tá seo ag cur as don cheathrú cuid den phobal agus iad scaipthe trí dheich stát. B'éigean don rialtas maoiniú a thabhairt do cheantair a raibh easpa uisce orthu, agus bhí ar dhaoine ar an iargúil turas fada a chur díobh ar lorg uisce tar éis go ndeachaigh na toibreacha i ndísc. Tá an daonra ag fás i gcónaí agus éileamh acu ar uisce dá réir. I mbliana d'fhág an triomach a rian ar 330 milliún duine.

Devprayag, áit a dtagann dhá abhainn (Alaknanda agus Bhagirathi) le chéile chun an Ghainséis a dhéanamh.
Wikimedia Commons

Tá an rialtas chun cuid d'uisce na n-aibhneacha móra (e.g. an Ghainséis) a sholáthar do cheantair thirime trí chanálacha fada. Cuirfear uisce ón tuaisceart agus ón iarthar chun ceantar tirim san oirthear agus sa deisceart. Ach tá sé fógartha ag lucht cosanta comhshaoil go bhféadfadh an scéim seo an éiceolaíocht áitiúil a mhilleadh agus go bhfuil meastachán míchruinn déanta ar an méid uisce atá ar fáil i ndáiríre. Dealraíonn sé freisin nach bhfuil ullmhú déanta roimh leá na n-oighearshruthanna sna Himiléithe, rud a dhéanfadh sruthlú na n-aibhneacha móra a laghdú go mór. Agus tá na haibhneacha céanna truaillithe go dona ag dramhaíl na ngnáthdhaoine agus na tionsclaíochta.

Is é Machaire na hIondúise agus na Gaingéise an limistéar feirmeoireachta is mó (rís, cruithneacht, arbhar, cána siúcra agus cadás). An monsún aniar aneas is mó a thugann uisce ann, agus tá oibreacha móra uiscithe ag brath ar na haibhneacha atá ag rith ó na Himiléise. Seans mór go mbuailfidh ganntanas uisce an limistéar úd amach anseo.

Mar sin, bíonn tuilte ann in áiteanna éigin agus a lán daoine á mbá dá bharr. B'fhearr cuid éigin den uisce sin a smachtú agus a chur i dtaisce le haghaidh na mblianta seasca atá le teacht.

Cúis imní eile is ea an méadú ar theas an tsamhraidh. Tá taithí ag na hIndiaigh ar an teas, ach chomh minic lena athrach bíonn teocht i lár na ndaichidí ann. Cuireann sin as do na bochtáin go háirithe: is deacair dóibh dul ar foscadh ón mbrothall agus caithfidh an rialtas tancaeir uisce a chur ar fáil sna cathracha. Ní foláir do dhaltaí sna

scoileanna stáit fanacht sa bhaile cheal aerchóiriú (cé nach minic a bheadh an t-aerchóiriú céanna le fáil sa bhaile ach oiread).

Tig le daoine leanúint orthu ag obair fiú agus 40° C ann más teas tirim atá i gceist, ach rachadh sé rite leat é a dhéanamh fiú agus 30° C ann dá mbeadh meirbhe mhór ann. Anois féin is deacair d'fheirmeoirí bochta san India lá fada a chur isteach sa samhradh agus gan d'acmhainn acu ach an talamh féin. Tá an India ar na réigiúin úd is mó a gcuirfidh neartú an bhrothaill as di. (Is é an scéal céanna ag tuaisceart na hAstráile agus ag oirdheisceart na Stát Aontaithe é.)

Tá sé molta fiú go mbeadh ceart ag daoine ar aerchóiriú feasta de réir an dlí idirnáisiúnta. D'fháilteodh a lán Indiach roimhe sin, ach ar éigean a bheadh an chumhacht ann chuige faoi láthair, go háirithe agus an soláthar leictreachais á stopadh ag an teas féin.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun *rianach@optusnet.com.au*.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au **.**

Leagan simplithe

Uisce de dhíth ar an India

Samhradh an-te a bhí ann i gcuid mhaith den India i mbliana. Tá triomach ann le dhá bhliain anuas. Tá an daonra ag fás i gcónaí agus éileamh acu ar uisce dá réir.

Tá an rialtas chun uisce na n-aibhneacha móra a chur chun áiteanna eile trí chanálacha. Ach deirtear go ndéanfaidh sé seo dochar don éiceolaíocht áitiúil. Deirtear freisin nach bhfuil an oiread sin uisce le fáil ó na haibhneacha móra.

Ach bíonn tuilte ann freisin in áiteanna éigin. B'fhearr cuid éigin den uisce sin a chur i dtaisce.

Tá teas an tsamhraidh ag éirí níos measa. Cuireann sin as do na bochtáin go háirithe: is deacair dóibh dul ar foscadh ón mbrothall.

Cuirfidh neartú an bhrothaill as do mhórán tíortha. Ní hé an scéal céanna acu go léir é. Is féidir le daoine leanúint orthu más teas tirim atá i gceist. Is deacair dóibh obair a dhéanamh má tá meirbhe[1] mhór ann. Uaireanta tá an teas tirim féin ró-mhór. Is minic is deacair d'fheirmeoirí bochta san India lá fada a chur isteach sa samhradh.

Tá sé molta go mbeadh ceart ag daoine ar aerchóiriú feasta de réir an dlí idirnáisiúnta. Ach is furasta le teas mór an soláthar leictreachais a stopadh.

[1] Meirbhe - humidity